Iargúltas

Bhí mé díreach tar éis titim I mo chodladh. Gan choinne, bhraith mé tuisle obann ag dul trím. Leath pian géar síos trí mo dhroim. Ag an am céanna, labhair guth garbh.

Níor thuig mé na focail a bhí ag teacht as a bhéal. Dhún mé mo shúile arís. Lig orm go raibh mé fós i mo chodladh. Ach tháinig cic eile, an babhta seo chuig mo cheann.

Tar éis soicind, bhí mé i mo lándúiseacht agus ag rith ar nós na gaoithe. Níor fhéach mé siar go dtí go raibh mo chroí ag bualadh i mo chliabh agus mé imithe ón sráid agus ón stráinséar foréigneach. Stad mé, mo cheann ag gortú go dona. Ansin shleamhnaigh mé go talamh ach chuala mé bonán agus le teann faitís, léim mé suas arís. Ach, ar dheireadh thiar, mhaolaigh an fhuaim arís. Chonaic mé doras ar an taobh eile den tsráid. Luigh mé isteach ar leac on dorais, tuirseach traochta caite amach. I bhfaitheadh na súl, thit mé i mo chodladh. Is ansin a tháinig an bhrionglóid chugam. Bhí mé ar ais i mo theach agus mé i mo sheasamh i gcúinne na cistineach. Ní raibh mé ábalta na himeachtaí a bhí ag tarlúint os mo chomhair a chreidmheáil. Ach bhí cuimhne soiléir na n-imeachtaí agam. Fear mór, fíochmhar ina sheasamh – é ag féachaint anuas ar mo dheirfiúr. Ba léir go raibh sé ar meisce.Bhí sé ag tabhairt léasadh di agus í ag screadáil arís ‘is arís eile. Bhí fuil ar a lámha anois. Thit sí i bhfantais, ar an úrlár agus lig mé béic asam leis an gheit. I bpreabadh na súl, chas an fear timpeall agus thug sé mé faoi deara. D’fhéach mé ar chorp mo dheirfiúra agus ansin ar an doras. Idir dhá chomhairle, rinne mé cinneadh: amach tríd an doras liom, le luas lasrach; níor stop mé...

Go tobann, dhúisigh mé, fuarallas ag teacht amach trim. Chuala mé bonán ag teacht i mo threo. Ach ní raibh mé abalta éalú nó rith. Bhí mé an-tuirseach, ró-thuirseach dáiríre. Dhún mé mo shúile agus d’fhan mé.....